Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Meán Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**12010/22**

**INST 303**
**POLGEN 117**
**AG 99**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Clársceidealú reachtach<br>- Malartú tuairimí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn, nóta cúlra leis na ceisteanna ón Uachtaránacht maidir le malartú tuairimí i ndáil leis an gClársceidealú Reachtach ag an gcruinniú den Chomhairle (Gnóthaí Ginearálta) an 20 Meán Fómhair 2022.

**IARSCRÍBHINN**

**Clársceidealú reachtach**

**- Malartú tuairimí -**

**Réamhrá**

Leagadh amach comhaontú idirinstitiúideach 2016 maidir le reachtóireacht níos fearr (IIA) chun clársceidealú bliantúil agus ilbhliantúil an Aontais a threisiú d'fhonn reachtóireacht a fheabhsú, agus gníomhaíochtaí agus tionscnaimh an Aontais a dhíriú ar na príomhthosaíochtaí beartais a bhfuil breisluach Eorpach ag baint leo. Ó shin i leith, ghlac na trí institiúid páirt i dtimthriallta bliantúla clársceidealaithe chun na tosaíochtaí polaitiúla agus reachtacha a chinneadh gach bliain.

Ba í paindéim an choróinvíris ba chúis le géarchéim sláinte, eacnamaíoch agus shóisialta nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe, géarchéim a raibh ar an Aontas agus a Bhallstáit aghaidh a thabhairt uirthi le gníomhaíochtaí meara cinntitheacha ó thús 2020. Dhá bhliain ina dhiaidh sin, is dúshlán suntasach polaitiúil, slándála, eacnamaíoch agus daonnúil é an fogha gan chúis gan údar a thug an Rúis faoin Úcráin. I mí Feabhra 2022[1] chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach go dtacaíonn sí le neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh de theorainneacha na tíre sin, ar teorainneacha iad a aithnítear go hidirnáisiúnta. Sna conclúidí uaithi i mí an Mhárta 2022[2], tá gealltanais tugtha ag an Aontas Eorpach páirt a ghlacadh in atógáil na hÚcráine. Leis na gealltanais sin, beidh gá le hiarrachtaí méadaithe agus gníomhaíochtaí comhleanúnacha ón Aontas agus ó na Ballstáit. Ag an am céanna, ní mór don Aontas aghaidh a thabhairt ar bhoilsciú an-ard, mar aon le praghsanna fuinnimh atá imithe ó smacht, chomh maith le tionchair dhiúltacha eile ar shaoránaigh agus ar gheilleagair na hEorpa atá ag fogha na Rúise agus ag an úsáid a bhaineann sí as onnmhairí fuinnimh mar uirlis troda.

[1] EUCO 18/22
[2] EUCO 1/22

**Timthriall bliantúil an chlársceidealaithe**

I dtuarascáil 2022 ón gCoimisiún maidir leis an bhfadbhreathnaitheacht straitéiseach[3], a foilsíodh an 29 Meitheamh 2022, cuirtear ionchur luachmhar i dtimthriall an chlársceidealaithe reachtaigh. Leagtar amach ann roinnt réimsí gníomhaíochta chun an leas is fearr is féidir a bhaint as na sineirgí agus an idirghníomhaíocht idir an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, agus aghaidh á tabhairt freisin ar an teannas eatarthu sa chomhthéacs nua geopholaitiúil. Iarrann sí go mbeadh cur chuige dinimiciúil ann chun an t-athrú a thuar agus chun freagairtí beartais a oiriúnú, ionas go dtacófar le geilleagar nua, athghiniúnach agus aeráidneodrach trí nascadh rathúil faoi 2050, lena laghdófar na leibhéil truaillithe, lena n-athbhunófar an bhithéagsúlacht agus caipiteal nádúrtha, arna chumasú ag teicneolaíochtaí digiteacha inbhuanaithe agus teicneolaíochtaí eile. Rannchuideodh sé sin leis an Aontas a shuí mar chrann taca don inbhuanaitheacht iomaíoch, a athléimneacht agus a uathriail straitéiseach oscailte a neartú, agus ag an am céanna, aistriú cóir a dhéanamh.

Leagfar amach sa *Litir intinne* ón gCoimisiún[4], a mheastar a eiseofar an 14 Meán Fómhair 2022, na príomhghnéithe lena dtreorófar ullmhú Chlár Oibre 2023 an Choimisiúin atá ar na bacáin.

I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar na hairí tuairimí a mhalartú maidir leis na príomhthosaíochtaí agus na príomhthionscnaimh don bhliain seo chugainn i ndáil leis na ceisteanna seo a leanas:

1. An aontaíonn na hairí leis na tionscnaimh atá beartaithe agus a chuirtear i láthair sa *Litir intinne*?

2. Cad iad na tionscnaimh is mó a bhfuil gá leo duitse?

**Na chéad chéimeanna eile**

Déanfaidh an Uachtaránacht achoimre ar an bplé sa Chomhairle i litir chuig Uachtarán an Choimisiúin. Beidh sé sin ina ionchur don chuid eile de thimthriall bliantúil an chlársceidealaithe reachtaigh sna míonna amach romhainn, a mbeidh an chéad dearbhú comhpháirteach eile maidir le tosaíochtaí reachtacha mar thoradh air.

---

[3] 10889/22 + COR1
[4] 12009/22